

Uimhreas: Úsáidí an uimhris – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi úsáidí uimhris?

Beidh páistí ag plé le huimhreacha ar réimse leathan bealaí ina saol ó lá go lá. Úsáidtear uimhreacha chun lipéadú agus sainaitheint (m.sh., *uimhreacha gutháin*), chun cur síos a dhéanamh ar chainníochtaí nó ar mhéideanna (m.sh., *milseáin a chomhaireamh*, *méideanna a thomhas*) agus chun cur síos a dhéanamh ar ord nó ar shuíomhanna (m.sh., *an 2ú háit*). Tá uimhreacha ríthábhachtach do réimse leathan gníomhaíochtaí, idir thascanna simplí amhail an t-am a thabhairt agus airgead a chomhaireamh agus cinn níos casta amhail comhábhair a thomhas in oideas nó cairteacha, táblaí agus sonraí a léamh. Tacaíonn luaththuisctint agus aithint ar úsáidí éagsúla uimhris le foghlaim páistí sa todhchaí sa Mhata, chomh maith lena dteagmháil le huimhreacha sa bhaile agus sa domhan mór. Cabhraíonn tuiscint agus idirdhealú a dhéanamh ar úsáidí uimhris le páistí tuiscint ar ord agus struchtúr a fhorbairt, rud a fheabhsaíonn a gcumas coincheapa matamaiticiúla níos forbartha a thuiscint sa todhchaí. Má nochtar na páistí go luath d'fheidhmeanna praiticiúla uimhreacha, treisítear a muinín agus n-inniúlacht maidir le cásanna ábhartha san fhíorshaol a láimhseáil freisin, agus iad á n-ullmhú do mhatamaitic an ghnáthshaol.

SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- I gcuideachta do pháiste, déan iniúchadh agus plé ar na bealaí éagsúla a n-úsáidtear uimhreacha ina mbaile, m.sh., *ar chloig, féilirí, i réamhaisnéis na haimsire, méideanna bróg, srl., gnáthearraí laethúla timpeall an tí, mar shampla bréagáin, leabhair, nó uirlisí.*
- Cuimsigh uimhreacha i gcomhráite maidir le do ghnáthaimh laethúla, m.sh., *ag caint faoi am codlata, cé mhéad nóiméad go dtí go gcaithfidh tú imeacht don scoil, líne a chur trí dhátaí san fhéilirí, cóirithe a chomhaireamh chun an bord a leagan, ord an lae a phlé (rachaimid go dtí an siopa ar dtús, rachaimid go dtí an leabharlann ansin), samhail na bhfearas nó na mball éadaí a aithint.*
- Tabhair ar do pháiste a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cócaireachta nó bÁCála ina mbeidh teacht acu ar uimhreacha ar bhealaí praiticiúla, m.sh., *comhábhair a chuntas nó a thomhas, céimeanna a leanúint in oideas, teocht an oighinn a bhreathnú, uaineadóir a shocrú.*
- Agus tú ag léamh le do pháiste, tarraing aird agus pléigh uimhreacha atá le feiceáil in íomhánna nó mar chuid den téacs.
- Bain leas as spásanna lasmuigh agus as an gceantar áitiúil chun fiosrú a dhéanamh ar uimhreacha. Iarr ar do pháiste crainn, bláthanna nó carraigeacha a chuntas, uimhreacha a lorg ar chomharthaí bóthair nó ar chlárúcháin gluaisteán.
- Agus sibh ag dul ar thuras, tarraing aird do pháiste ar an gcaoi a n-úsáidtear uimhreacha, m.sh., *ag gabháil ar bhús 11A chun taisteal chun an bhaile, ag leanúint teorainneacha luais, an méid ama a thógtar le turas a dhéanamh.*
- Bain úsáid as ábhair spéise do pháiste chun iad a chur i mbun comhrá maidir le húsáidí uimhris, m.sh., *agus tú ag breathnú ar chluiche peile, labhair faoi na scóir, uimhreacha na ngeansaithe, fad an chluiche.*



LEABHAIR

- *10 Little Rubber Ducks*, Eric Carle, 4+ bliana d'aois
- *Henry the Fourth*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d'aois
- *Pancakes for Breakfast*, Tomie DePaola, 4+ bliana d'aois
- *Have You Seen My Dragon?*, Steve Light, 4+ bliana d'aois
- *1, 2, 3 to the Zoo*, Eric Carle, 4+ bliana d'aois
- *Spend It!* Cinders McLeod, 4+ bliana d'aois
- *What's the Time, Mr Wolf?*, Debi Gliori, 5+ bliana d'aois
- *Tom and the Tinfoil of Trouble*, Nick Sharratt agus Stephen Tucker, 5+ bliana d'aois
- *Tally O'Malley*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d'aois

*Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt




CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Cluichí cláir choitianta amhail *Nathracha is Dréimírí* ina gcaitheann páistí díslé, ina ndéanann siad na spásanna a chomhaireamh, agus uimhreacha a aithint agus iad ag bogadh a gcuid píosaí
- Gníomhaíochtaí seicheamhaithe, m.sh., *scéalta seicheamhaithe, gníomhaíochtaí 'na poncanna a cheangal'*
- Cluichí taobh amuigh, m.sh., *cleas na bacóide*
- Rásaí uimhreacha, m.sh., *tabhair uimhir do do pháiste agus téigh ag rásaíocht ina aghaidh iad chun an chainníocht sin d'earra áirithe a aisghabháil (amhail málaí pónairí, duilleoga, clocha)*
- Amhráin bunaithe ar uimhreacha cosúil le "Five Little Ducks" nó "Ten in the Bed", mar ar féidir le páistí a bheith ag canadh leo agus an líon comhfhreagrach méar a choinneáil in airde

AG FOGHLAIM AR LÍNE


- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet <https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/>
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes <https://haveyougotmathseyes.com/>

Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne: úsáidí an uimhris, uimhreas, foghlaim, bunscoil, matamaitic, figiúirí, uimhreacha ainmniúla, bunuimhreacha, orduimhreacha, cluichí, gníomhaíochtaí



EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Déan colláis uimhreacha (ag baint úsáid as nuachtáin, irisí, catalóga, srl.) trí uimhreacha a ghearradh amach agus iad a ghreamú ar bhileog mhór pháipéir a thaispeánann an chaoi a bhfuil uimhreacha le feiceáil i gcomhthéacsanna éagsúla.
- Cruthaigh cártaí nó leabhair oideas. Pictiúir de chomhábhair agus de thomhais a theastaíonn a tharraingt nó a ghreamú, ag foghlaim faoin gcaoi a n-úsáidtear uimhreacha sa chócaireacht.
- Déan uimhirlíne mhór ar stiall fhada pháipéir agus í a mhaisiú le greamáin, líníochtaí, nó stampaí.
- Cruthaigh cairt airde phearsantaithe agus í a mharcáil chun fás a thaispeáint le himeacht ama.
- Cruthaigh pictiúir 'péinteáil de réir na huimhreach'.
- Bain úsáid as stampaí uimhreacha agus ceapa dúigh chun patrúin nó radhairc a chruthú le huimhreacha.
- Déan féilirí míosúla agus breac síos laethanta saoire, breithlaethanta agus imeachtaí speisialta.
- Cruthaigh 'Ealaín Díse' - Caith díse chun a chinneadh cé mhéad de gach mír atá le tarraingt nó le péinteáil. Mar shampla, má chaitear 3, tarraing trí réalta nó trí chrann.



DO CHUID SMAOINTE FÉIN

